**Leasú 353**
**João Pimenta Lopes**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 90 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(90c) Ba cheart é a bheith mar aidhm leis an reachtaíocht seo teorainn a chur le húsáid táirgí nach bhfuil aon úsáid ar bith iontu, chomh maith le táirgeadh agus úsáid táirgí indiúscartha agus táirgí gan úsáid a laghdú go héifeachtach, ag teacht salach ar loighic ina gcuirtear an prionsabal 'íocann an tomhaltóir' i bhfeidhm, agus lena ndéantar táirgeadh agus tomhaltas leanúnach a dhlisteanú chomh fada agus a íocann duine éigin.*** |

Or. pt

**Leasú 354**
**João Pimenta Lopes**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 90 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(90d) Tá gá le beartais a chuireann nuálaíocht sa táirgeadh chun cinn, mar aon le cur chuige normatach seachas cur chuige margaidh. Tá gá le beartais lena gcuirtear laghdú ar tháirgeadh agus ar thomhaltas chun cinn, ar beartais iad lena gcuirtear táirgeadh níos inbhuanaithe chun cinn, a bheidh teoranta do na táirgí is gá, lena dtáirgtear táirgí in-díghrádaithe nó lena dtáirgtear táirgí in-athchúrsáilte ar bhealach níos éasca. Is gá bailiú gníomhach ábhar aon úsáide agus táirgí eile a bhfuil tionchar acu ar an gcomhshaol a chur chun cinn.*** |

Or. pt

**Leasú 355**
**João Pimenta Lopes**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 110 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(110a) Ba cheart go mbeadh na cuspóirí, na spriocanna agus na tráthchláir atá beartaithe comhréireach agus cothrom, agus go dtógfaidís an comhthéacs iarbhír agus an réaltacht iarbhír i ngach Ballstát mar thúsphointe. Ní mór na maoluithe is gá a bheith i bhfeidhm chun a áirithiú go mbeidh an tsolúbthacht is gá ag na stáit agus go mbeidh na cuspóirí, na spriocanna agus na tráthchláir oiriúnach, agus ar an gcaoi sin na modhanna cur chun feidhme a chur in oiriúint do chumas agus d'acmhainní iarbhír gach Ballstáit.*** |

Or. pt

**Leasú 356**
**João Pimenta Lopes**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Aithris 110 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(110b) D'fhonn cur leis an méid pacáistíochta a bhailítear, a shórtáiltear agus a athchúrsáiltear, ní mór bonneagar leordhóthanach d'fhearann poiblí a fhorbairt agus a chur ar bun, rud a chiallaíonn go n-eagrófar na hacmhainní eacnamaíocha uaillmhianacha is gá ó chistí an Aontais, le cistiú méadaithe do na Ballstáit a bhfuil a dtúsphointe faoi bhun mheán an AE27.*** |

Or. pt

**Leasú 357**
**João Pimenta Lopes**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Leis an Rialachán seo, cuirtear le ***feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh trí bhearta náisiúnta maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht a chomhchuibhiú chun bacainní ar thrádáil, saobhadh agus cosc ar iomaíocht laistigh den Aontas a sheachaint, fad*** a chosnaítear nó a laghdaítear drochthionchar na pacáistíochta agus na dramhaíola ó phacáistíocht ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine, ar bhonn leibhéal ard cosanta comhshaoil. | 2. Leis an Rialachán seo, cuirtear le cosaint nó laghdú dhrochthionchar na pacáistíochta agus na dramhaíola ó phacáistíocht ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine, ar bhonn leibhéal ard cosanta comhshaoil, ***agus cuirtear le feidhmiú rianúil na mbeart náisiúnta maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht ag an am céanna***. |

Or. pt

**Leasú 358**
**João Pimenta Lopes**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 11. Na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag táirgeoirí chun a n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí dá dtagraítear in Airteagal 40 a chomhlíonadh, déanfar iad a mhodhnú ar bhonn an ghráid feidhmíochta in-athchúrsáilteachta, a chinntear i gcomhréir leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i míreanna 4 agus 6 den Airteagal seo agus, a mhéid a bhaineann le pacáistíocht phlaisteach, i gcomhréir le hAirteagal 7(6) freisin. | 11. Na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag táirgeoirí chun a n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí dá dtagraítear in Airteagal 40 a chomhlíonadh, déanfar iad a mhodhnú ar bhonn an ghráid feidhmíochta in-athchúrsáilteachta, a chinntear i gcomhréir leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i míreanna 4 agus 6 den Airteagal seo agus, a mhéid a bhaineann le pacáistíocht phlaisteach, i gcomhréir le hAirteagal 7(6) freisin. ***Ní iompróidh an tomhaltóir deiridh an t-ualach a eascraíonn as an mír seo a chur i bhfeidhm.*** |

Or. pt

**Leasú 359**
**João Pimenta Lopes**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 16 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***16a. Gan dochar d'fhorálacha an Airteagail seo, féadfaidh na Ballstáit, go háirithe ag brath ar a gcás sonrach, maoluithe a fháil ó spriocdhátaí do na cuspóirí a leagtar amach i míreanna 1 go 13, ar choinníoll go n-áiritheofar treochlár d'ailíniú de réir a chéile leis na spriocanna sin, agus na moltaí a leagtar amach i mír 14, i mír 15 agus i mír 16 den Airteagal seo á gcur san áireamh.*** |

Or. pt

15.11.2023 A9-0319/360

**Leasú 360**
**João Pimenta Lopes**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh Rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 16 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***16b. Gan dochar d'fhorálacha an Airteagail seo, féadfaidh na Ballstáit maoluithe a dheonú dá micrifhiontair agus dá bhfiontair bheaga, go háirithe ag brath ar a gcás sonrach, ó na spriocdhátaí do na cuspóirí a leagtar amach san Airteagal seo, ar choinníoll go n-áiritheofar treochlár le haghaidh ailíniú de réir a chéile leis na spriocanna sin agus gur féidir tacaíocht mhaorlathach agus airgeadais a chur ar fáil do na gnólachtaí a iarrann í d'fhonn na cuspóirí a bhaint amach.*** |

Or. pt